

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T17
Ainm an Agalláí	Annie John Uí Ghallchóir
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	16/05/2006
Suíomh an Agallaimh	Na Machaireacha, Doirí Beaga
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

` _____ ' /

` _____ + ' /

....

[]

Tús lochtach

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL DINNY: Rachaidh muid ar ais bomaite go Baile....

ANNIE JOHN: Shea....

DÓNALL DINNY: Go Baile Uí Chonaill a Annie,

ANNIE JOHN: Sea.

DÓNALL DINNY: Ar chuala tú ariamh cad chuige a dtabharfar Baile Uí Chonaill air?
Is minic a chur mé an cheist ach...

ANNIE JOHN: Bhuel, chuir tú an cheist agus an bhfuil a fhios agatsa, tá mise buartha *but* mé ábalta....

DÓNALL DINNY: Freagra a thabhairt air.

ANNIE JOHN: Bheinn, bheinn ag inse bréag duit dá ndéarfainn go raibh a fhios agam, níl a fhios agam.

DÓNALL DINNY: Ach eastát mhór a bhí ann ag an am sin.

ANNIE JOHN: Sea, eastát a bhí ag an Olphartach *but* cé Conall, níl a fhios agam.

DÓNALL DINNY: *No.*

ANNIE JOHN: B'fhéidir gur garraíodóir ná....

DÓNALL DINNY: B'fhéidir.

ANNIE JOHN: B'fhéidir gur fear paróiste a raibh gnoithe aige ar an bhaile ná rud inteacht

DÓNALL DINNY: Sea.

ANNIE JOHN: *But* anois sin ceist mhaith.

DÓNALL DINNY: Chuir mé an cheist as ní bhfuair mé an freagra.

ANNIE JOHN: Ní bhfuair tú an freagra.

DÓNALL DINNY: *No.*

ANNIE JOHN: Níor. Bhuel b'fhéidir anois

DÓNALL DINNY: Agus deirtí i gcónaí go raibh taibhse an Olphartaigh thoir ansin, an raibh "____+"?

ANNIE JOHN: Déarfadh! Bhí muid, bhí, déarfadh siad sin linne go minic, bhuel ní fhaca muid inne taibhse ar bith cibé.

DÓNALL DINNY: (Gáire)

ANNIE JOHN: Bhí sé féin agus an madadh curtha thíos sa gharradh.

DÓNALL DINNY: Mmm.

ANNIE JOHN: Agus bhí muid ábalta é a fheiceáil ón áit a raibh muid inár gcodladh thuas an staighre 's d'éireoimis corr uair i lár na hoíche, deireadh bean againn leis an bhean eile: "Goitse, tá solas thíos ar, ar uaigh (gáire) an Olphartach".

DÓNALL DINNY: Deir, deirtear sin i gcónaí, go bhfuil.

ANNIE JOHN: *Acta!* ar a chéile a bhí muid inne.

DÓNALL DINNY: *But,* deireadh daoine go mbíonn solas....

ANNIE JOHN: But deireadh siad sin, ní fhaca muid inne solas ariamh 's ní fhaca muid an madadh ariamh 's ní fhaca muid é féin ariamh ach, ach choinnigh na mná rialta, choinnigh siad an uaigh agus an garradh thart fá dtaobh de....

DÓNALL DINNY: Bhí siad iontach, sea

ANNIE JOHN: iontach maith. Agus strainséirí na cuairteoirí ar bith a rachadh isteach go Baile Uí Chonaill, chaitheadh siad uilig uaighe an Olphartaigh a fháil.

DÓNALL DINNY: A fheiceáil.

ANNIE JOHN: Mmm, hmm.

DÓNALL: Bé sin do chaitheamh aimsire sa bhaile a Annie, ghlac, chuaigh tú isteach in Aisteoirí Ghaoth Dobhair i do chailín óg?

ANNIE JOHN: Chuaigh leoga nuair a bhí mé ar an scoil agus ansin nuair a bhíodh laetha saoire againn, ba é sin, ba sin ár gcaitheamh aimsire.

DÓNALL: Mmm.

ANNIE JOHN: Agus, *eh*, Annie Chonail, Nic Giolla Bhríghde, sí a bhí os cionn na n-aisteoirí dár ndóigh agus dhéanadh sí drámaí beaga le fóirstean dúinn nuair a bhí muid óg agus choinnigh sin ag gabháil muid, *you know....*

DÓNALL: Tá a fhios agam.

ANNIE JOHN: Ag éirí seanaimseartha agus bhí muid réidh i gceart fá choinne na n-aisteoirí móra ansin nuair a bhí muid sna déaga.

DÓNALL: Bhí. Inis domh anois, ag caint ar Aisteoirí Ghaoth Dobhair a Annie, c'áit ar bunaíodh Aisteoirí Ghaoth Dobhair?

ANNIE JOHN: Bunaíodh Aisteoirí Ghaoth Dobhair thoir i Srath na Corcrach, an áit a bhfuil teach Mhic Giolla Bhríghde, teach Neddy Eoghain Ruaidh, mar a déarfá. Bhuel tá an teach sin tógtha os úire anois ach nuair a bhí an sean teach ansin agus scioból taobh amuigh agus, agus *eh*, baile Annie Chonail trasna an bhealaigh mhóir uaidh chorr a bheith agus *eh*, bhí siad iontach cairdiúil le chéile, col ceathracha a ba ea clann Mhic Giolla Bhríghde agus, agus clann Mhic Giolla Easpaig agus ba í Annie agus a deartháir, Eoghan, sin an péire a thosaigh ar an haisteoirí agus sé an chéad chruinniú a bhí acu in scioból ar chúl theach Mhic Giolla Bhríghde agus anois níl a fhios agamsa caidé an cineál, b'fhéidir níor chur siad drama ar siúl ansin an oíche sin ach bhí cruinniú acu agus bhunaigh siad na haisteoirí agus b'iadsan a bhí ar an choiste agus thosaigh sé ó sin amach agus nuair a bheadh drama measartha fiúntach scríofa agus foghlamtha ag na aisteoirí, rachadh siad ansin isteach go Halla Dhoirí Beaga b'fhéidir fá choinne cúpla oíche agus anoir go Halla na Machaireacha fá choinne cúpla oíche eile. Agus bheadh na halltaí sin, lán go doras, sean daoine, sean mhná, fir, mná agus páistí agus le, go speisialta oíche Dhomhnaigh nuair a bheadh na drámaí fá na halltaí, chífear na sean mhná ag gabháil suas bealach Halla na Machaireacha agus a gcuid seálta thart orthu agus na páistí beaga leo go maith leis na páistí móra agus athracha agus máithreacha agus ba é sin aoibhneas an tsaoil againne.

DÓNALL: Ba ghalánta an rud é.

ANNIE JOHN: Agus bheimis inne go bródúil ansin dá mbeimisid ar an , ar an stáitse ag, ag aisteoireacht agus bheifeá ag amharc síos fríd an lucht éisteacht go bhfeicfeá an bhfeicfeá súil do mháthair.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

ANNIE JOHN: Agus nuair a chífeá súil do mháthair ná súil d'athair, ó Dhia, d'éiríteá agus dhéantá an jab trí huaire ní b'fhearr. *So* sin mar a bhí an caitheamh aimsire againn.

DÓNALL: Cé eile a bhí sna Aisteoirí, an bhfuil cuimhne agat?

ANNIE JOHN: Bhuel níl mórán acu fágtha anois.

DÓNALL: Níl.

ANNIE JOHN: Ó thioctadh liom dreibhlín acu, bhí clann Mhic Giolla Bhríghde uilig go léir, bhuel ní raibh an bheirt acu féin, Annie agus

DÓNALL: Conall

ANNIE JOHN: Eoghan. Em, Conall ó Fearraigh, Máire Nic Giolla Easpaig, Dónall Mac Giolla Easpaig, *em*, Nellie Nic Giolla Easpaig, Síle Nic Giolla Easpaig, Máire, dár ndóigh atá beo, dea-bheo go fóill, Máire Nic Giolla Easpaig. Bhí sise i mbunadh na n-aisteoirí fosta, eise agus deartháir a bhí níos sine aici a raibh Owenie air. *Em*, bhí clann Uí Chuirreáin, an chuid is sine de chlann Uí Chuirreáin ann, na *Roartys* as Mín an Iolair, *em*, mé féin agus mo dheartháir as na Machaireacha agus ansin rachfá suas Dobhar agus bhí, cuid mhaith as Dobhar ann, clann Uí Dhugáin agus siar Croithlí ansin, bhí *Neilly Duffy*, agus Paidí Ghracie Dhomhnaill agus a chuid deirfiúireacha agus sin chorr a bheith, sin, sin croí lár na n-aisteoirí, na haisteoirí sin.

DÓNALL: Mmm, hmm.

ANNIE JOHN: Agus nuair a bhíodh cleachtaí le drámaí againn, chan in sna halltaí a bhíodh na cleachtaí againn i dtosach ar chorr ar bith ach i dtithe na n-aisteoirí. Bhímis oíche amháin ag teach Annie Nic Giolla Bhríghde, oíche eile istigh i dtigh Mhic Giolla Easpaig, oíche eile istigh i dtigh s'againne, oíche eile thuas i nDobhar ag na Dúgáiní agus ansin oíche eile thiar i gCroithlí i dteach Gracie Dhomhnaill agus caidé an dóigh a rachaimis go dtí na áiteacha sin in iúlaíocht an gheimhridh, ar na rothair.

DÓNALL: Anois, nach bhfuil sin iontach?

ANNIE JOHN: Agus nach muid a bhí easca agus nach muid a bhí crua? Síin agus sneachta agus fearthainn agus ba chuma linn....

DÓNALL:Fríd achan rud....

ANNIE JOHN:Fríd achan rud, ag stroiceadh linn agus cuid de na rothair, ní bheadh soilse ar bith againn agus thiocfadh na péas orainn corr uair, go speisialta *Paidí Boyce*. Bhí Paidí (gáire)

DÓNALL: Mura mbeadh solas (gáire)

ANNIE JOHN: Thiocfadh sé amach as cúl tom aitinn ná áit inteacht. Ó, is trua Chríosta gan thuilleadh cosúil le Paidí Boyce ag gabháil anois, ní imeodh mórán orthu. Dár ndóigh bheadh na gardaí ag siúl an t-am sin

DÓNALL: Bheadh....

ANNIE JOHN: Bheadh siad ag siúl na mbóithre

DÓNALL DINNY: *But*, nach....

ANNIE JOHN:agus chífedh siad an diabhláocht.

DÓNALL: Ag an am chéanna, nár bheag a bhí ag cur bhuaireadh orthu, duine nach mbeadh solas aige ar a rothar.

ANNIE JOHN: Bhuel, mairim go bhfeiceadh sé scaifte diabhail ag tarraingt air (gáire). Bheadh rothaí ag gabháil isteach ina chéile, ora, ní dhéanadh sé a dhath orainn ach

DÓNALL: Mmm.

ANNIE JOHN: Chrochadh sé an mhéar iudaí orainn 's....

DÓNALL: Sé, '___'.

ANNIE JOHN: Ní, ní bheadh sé ann ag teacht ar ais dúinn *so*

DÓNALL: Á, ní bheadh.

ANNIE JOHN: Ní bheadh. Ora, bhí meas mór ar, ar, ar na gardaí an t-am sin.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

ANNIE JOHN: Tá meas mór go fóill orthu san áit seo. Ár ndóigh, ní dhéanfadh muid gnoithe gan iad.

DÓNALL: Ó, cá mbeadh muid gan iad?

ANNIE JOHN: Ach go mbeadh, go mbíonn go mór caitheamh anuas anois orthu, nach mbíonn siad sna áiteacha cearta....

DÓNALL: Ag an am....

ANNIE JOHN: Ach ar ndóigh cha dtig leis na....

DÓNALL: Ní thig leo a bheith achan áit....

ANNIE JOHN:Má tá na péas ag gabháil a bheith in áit inteacht níl maistíneacht ar bith ag gabháil a bheith ann.

DÓNALL: Bhuel, tá sin fíor.

ANNIE JOHN: Cha dtiocfadh leo a bheith achan áit.

DÓNALL: Mmm.

ANNIE JOHN: Mmm, hmm.

DÓNALL: *But* Annie, leanfaimid muid ar aghaidh

ANNIE JOHN:Mmm, hmm.

DÓNALL:tamall leis na haisteoirí. Ansin thosaigh Francie Mooney ag scríobh geamaireachtaí.

ANNIE JOHN: Geamaireachtaí, sea. Bhuel, caithfidh mise a rá anois, na blianta na ngeamaireachtaí, ní raibh mise i mo chónaí anseo. Pósadh mise i 1954, sé, ná 56, 54 tá mé ag déanamh, agus d'ímigh mise go Baile Átha Cliath ansin agus chaith mise cúpla bliain is fiche i mBaile Átha Cliath. Ach, nuair a bheinn na bhaile, nuair a thiocfainn na bhaile ar laetha saoire agus dá mbeadh Annie gann in aisteoir ná mura mbeadh sí ábalta duine a fháil fóirsteanach don, don ghníomh, d'iarradh sí orm a dhéanamh *so even though* go raibh mé i mBaile Átha Cliath, bhí mé sna aisteoirí fosta.

DÓNALL: Mmm.

ANNIE JOHN: Agus bhí mé leo go Glaschú, chuaigh siad go Glaschú dár ndóigh.

DÓNALL: Sé, cén bhliain a bhí ansin a Annie?

ANNIE JOHN: Níl mé ábalta smaoineamh ar an bhliain sin, 1956 tá mé ag déanamh. Bhí muid i nGlaschú, bhí muid, bhímis i nDoire, thiar i nGaillimh, thiar in Sligeach agus dhéanaimis na féilte móra drámaíochta uilig agus d'éireodh, bhí muid i gcónaí ag fáil coirn agus boinn agus *em*, orú, ní thioctadh leat, ní thioctadh leat, duine níos fearr ná Áine Nic Giolla Bhríghde....

DÓNALL:*No*....

ANNIE JOHN:Bhí sí, aisteoir, orú, bhí sí is cuimse maith, níl dabht ar an domhain fá dtaobh do. *But* ansin, *em*, i rith an tsamhraidh ansin, thioctadh, tá cuimhne agam, Gearóid Ó Lochlainn a theacht as, co, *em*, bhuel, bhí sé os cionn drámaíocht na scoile agus os cionn, thioctadh sé agus chaitheadh sé b'fhéidir trí ná cheithre sheachtainí anseo ag cuidiú linn nuair a bhímis ag déanamh cleachtadh ar na drámaí agus ina dhiaidh sin tháinig Mícheál Mac Aoidh a chuidiú linn agus Séamus Breathnach amach as, amach as, eh, Amharclann an Mainistreach.

DÓNALL: Sea.

ANNIE JOHN: Mmm, hmm.

DÓNALL: Agus an bhfaigheadh sibh cuidiú ar bith ó thaobh airgid do, an bhfuil a fhios agat, an gcaithfeadh sibh a bheith ag ceannacht...?

ANNIE JOHN: Níor, cuidiú ar bith ó thaobh airgid ar chorr ar bith do, ach d'ímímis ar chúl leoraí foscailte, leoraí Mhicí an *Chope*, agus í foscailte agus b'fhéidir go mbeadh scór againn istigh ar chúl an leoraí agus rachaimis síos na nDúnaibh agus cibé caide a thógaimis an oíche sin, bhí sin againn. Siúd a bhí muid ag gabháil ó halla go halla ag cuardú....

DÓNALL:Sea....

ANNIE JOHN:ag cruinniú airgid chomh maith agus a thiocfadh linn. Bhí muid in cuid mhór áiteacha, na bailte, féadann duit, cuid bailte Dhún na nGall uilig go léir, ar chúl leoraí fhoscailte agus ní raibh de shoilse ná '_____' an t-am sin ann eh, eh, na *hurricane lamps*.

DÓNALL: Ó tá a fhios agam.

ANNIE JOHN: Agus na *tilly lamps*, mmm. *So*, rinne muid streachailt mhaith.

DÓNALL: Rinne sibh streachailt bhocht.

ANNIE JOHN: Ag cruinniú air, airgid, bhí, níl a fhios agamsa caide méid airgid a bhí le cruinniú againn ach bhí mise buartha nach raibh mé ábalta a bheith anseo nuair a fosclaíodh aist, nuair a fosclaíodh Amharclann Ghaoth Dobhair, tá mé ag déanamh gur in 61 ná 62, Siún Ní Choinnigh a d'oscail é agus ní raibh mé ábalta a theacht as Baile Átha Cliath, níl a fhios agam caide a bhí contráilte an am sin.

DÓNALL: Ach rinne sibhse an obair a Annie nuair, nuair a fuair

ANNIE JOHN:.... Rinne muidinne an streachailt.

DÓNALL: Ní bhfaigheadh sibhse an amharclann gan....

ANNIE JOHN: Ó, ní, ó bhí an, bhí an, bhí an, bhí an bun chloch air againn féin....

DÓNALL: Bhí.

ANNIE JOHN: bhí, mmm, hmm. B'éigean dúinn, níl a fhios agam caide méid airgid a bhí againn, creidim nach raibh mórán againn *but* cibé, rinne siad trua dúinn....

DÓNALL: Mmm.

ANNIE JOHN:.... agus cuireadh an amharclann ansin, tá sí ansin go fóill agus mo thrí thrua nach bhfuil oiread

DÓNALL:Rud inteacht ann anois....

ANNIE JOHN:aisteoireacht ag gabháil ann anois agus a bhí. Ach tá na haisteoirí uilig chorr a bheith ar shiúl anois, níl mórán fágtha. Níl fágtha ach Mary Neddy, Máire Nic Giolla Easpaig, mé féin, em, Tomás Mac Giolla Bhríghde, Liam/Niall Ó Maolagáin, Paidí Ghracie Dhomhnaill agus deirfiúr Phaidí, tá sí anois ina cónaí thall in San Francisco, Máire Mic, ní deirfiúir Phaidí, gabh mo leithscéal, fuair deirfiúr Phaidí bás, ba ghnách léi a bheith ann fosta, Máire, Máire Ghracie Dhomhnaill, Mary Ghracie Dhomhnaill, seo Máire Mc Cafferty anois, tá sí ina cónaí thall in San Francisco mar múinteoir agus rinne sise cuid mhór in sna haisteoirí. Mmm, hmm.

DÓNALL: Rinne Francie Mooney a fuair bás cúpla seachtain ó shin, neart oibre....

ANNIE JOHN: Ó Francie fosta, Francie bocht, orú, caill mhillteanach a bhí ann Francie....

DÓNALL:Sea.

ANNIE JOHN: Níl dabht ar an domhain fá dtaobh do. Tá cuimhne agam, bhí muid ag déanamh '*Oíche Mhaith Agat a Mhicí Dhomhnaill*' agus níl a fhios agam cén baile a raibh muid ann anois, b'fhéidir gur in Baile Dhún na nGall, in baile Sligeach cibé, agus bhí seisean ina luí sa leaba cibé agus an t-am is mó a bhí, a bhí an chaint ag gabháil ar an stáit, nár thit an tóin as an leaba agus thit Francie síos agus buaileadh tóin Francie (gáire)....

DÓNALL:Thíos ar an urlár....

ANNIE JOHN:Ar an urlár agus chorr a bheith gur chur sin deireadh leis an dráma an oíche sin. Mmm, hmm. Ní é, an duine is mó a rinne gáire na Francie é féin.

DÓNALL: Ó sin an dóigh a mbeadh Francie.

ANNIE JOHN: Sin an dóigh a, chífthead Francie an greann in achan rud....

DÓNALL:Bhí sé go speisialta maith ag cur greann isteach.....

ANNIE JOHN: Ó bhí sé millteanach....

DÓNALL:Agus chuireadh se stair na háite isteach ina chuid scríbhneoireachta fosta....

ANNIE JOHN:Mmm, hmm, sé, sé, agus bhí sé ábalta a ghabháil thar an ghreann ansin agus bhí sé ábalta an gabháil agus an gáire a thabhairt isteach ann.

DÓNALL: Á, bhí.

ANNIE JOHN: Mmm, hmm. Níl dabht ar bith ann. Caill mhór.

DÓNALL: Caill mhór do Ghaoth Dobhair a bhí ann.

ANNIE JOHN: Proinsias, caill mhór go ndéanfaidh an Rí mhaith air.

DÓNALL: Ó, gan dabht ar bith.

ANNIE JOHN: Chonaic mé clár dena chuid ansin ar an teilifís an oíche eile.....

DÓNALL:Fís, fís mhaith a bhí ann.....

ANNIE JOHN:Agus bhí sé brónach ag amharc air.

DÓNALL: Bhí sé doiligh, chuirfeadh sé cumhaidh ort a choimeád

ANNIE JOHN: Bhí, bhí, chuir sé cumhaidh ort.

DÓNALL: Annie, ba mhaith liom thú labhairt ar, ar, ar an teach seo anseo....

ANNIE JOHN:An sean teach a bhfuil muid ag amharc amach ar an fhuinneog air.

DÓNALL: Sea.

ANNIE JOHN: Sea, bhuel....

DÓNALL:Inis domh anois stair fá dtaobh de....

ANNIE JOHN:Tá stair fá dtaobh de sin. Bhuel tá a fhios agat féin nuair a bhítear ag cur na daoine as s...., as, amach as....

DÓNALL:Sea, a gcuid tithe....

ANNIE JOHN: a gcuid dtithe beaga fad ó shin, cad chuige a rabhtar a gcur amach? *Because* bhí orthu cíos a dhíol leis na tiarnaí talún, na tiarnaí talún sin a thiocadh anall as Sasain, ná anuas as uachtar Éirinn agus choinneodh siad a gcuid cíos. Is nach raibh sé crua go maith nuair a chaithfeá cíos a dhíol le strainséirí agus bhí go leor, bhí bochtanas ag gabháil, bhí bochtanas ag gabháil nuair, bhí cuid mhór bochtanais ag gabháil nuair a bhí mo mhuintir ag éirí aníos agus ag amharc amach ar an fhuinneog romhainn anois, tá teach mo mhuintir le feiceáil go fóill ach dár ndóigh gur tógadh san úr cuid do agus go bhfuil díon sclátaí air anois agus teach muiríní a bhí ann an tam sin. Ní raibh m'athair mór ábalta an cíos a dhíol agus dár ndóigh tháinig an sirriam a gcur amach agus bheadh lá millteanach ann an lá a bheadh an sirriam ann agus *landa* siad an lá seo cibé agus, ag iarraidh mo mhuintir, m'athair mór agus mo mháthair mór agus bhuel, triúr nó ceathair de theaghlach a bhí ann, a gcur amach ach....

DÓNALL:C'ainm a bhí, c'ainm a bheirtí ar an teach sin, bhfuil a fhios agat, d'athair mór, c'ainm?

ANNIE JOHN: *Em.* Eoghan Harlaí Óig, teach Harlaí Óig.

DÓNALL: *Sea.* Teach Harlaí Óig.

ANNIE JOHN: Teach Harlaí Óig, teach Harlaí Óig. Ach chruinnigh na comharsan a thaisce agus bean amháin, *landal* sí cibé, bhí sí ina cónaí dhá dhoras uathu cibé, *landáil* sí agus citeal uisce the léithe cibé agus nuair a bhí, bhí an sirriam agus a chuid boic ag *bounca* agus ag iarraidh an doras a bhriseadh anuas lena gcuid casúir, chuaigh sise suas ar dhréimire ar chúl an tíghe agus citeal uisce the léithe agus dhoirt sí an citeal an uisce ghaile anuas orthu agus, bhuel cibé, an lá sin fuair sí díbríthe ar shiúil iad na scalladh iad leis an uisce te....

DÓNALL:Sin an dóigh orthu....

ANNIE JOHN:agus bhí bean eile réidh le ghabháil suas le citeal eile i ndiaidh an chéad bhean, a ghabháil suas agus an t-uisce gaile a dhoirteadh anuas. D'fhág siad tamall iad agus ní tháinig siad *back* go ceann tamall maith eile *but* anois níl a fhios agam an darna huair, mairim an darna huair a tháinig siad gur díbríodh amach iad agus b'éigean dóibh imeacht agus níl a fhios agam caidé an cineál bothán beag a thóg siad soir giota an bealach *but* tamall maith ina dhiaidh sin, em, d'éirigh na tiarnaí talún, b'fhéidir gur éirigh siad bog ina n-intinn nuair a chonaic siad, nár, dígníomh a bhí ann.

DÓNALL: Tá a fhios agam

ANNIE JOHN: Agus tháinig siad ar ais agus thug siad arís isteach sa teach iad agus, bhuel chonaic siad ansin go dtí go, mairim gur bhfuair siad bás, na creatúir. *So.*

DÓNALL: Ach go minic a Annie bhí, bhí an sagart a bhí againn, an tAthair Mac Pháidín, bhí sé ina fhear....

ANNIE JOHN:Sé, bhí sé ina fhear mhaith.

DÓNALL: Chuidigh sé leis na daoine agus

ANNIE JOHN: Ó chuidigh sé leis na daoine *but sure ní* (ar ndóigh), bhéarfadh siad droch bhaill air é sin fosta an créatúr, an tAthair mac Pháidín, tá a fhios agat, an t-am a mharaigh siad an Mairtíneach.

DÓNALL: Caidé an scéal, caidé mar a chuala tusa faoi mharú an Mháirtínigh?

ANNIE JOHN: Bhuel seo mar a mhothaigh mise. Bhí an sagart ag rá an Aifrinn in sa sean teach pobail. Chan, chan an, sa sean, sean teach pobail, tá teach pobail úr anois againn. Bhí an sagart istigh ag rá an Aifrinn cibé agus bhí pobal an Domhnaigh a bhí ann, cruinnithe, agus *landal* an Máirtíneach agus a chuid saighdiúirí leis agus bhí barúil ag, ag, bhí barúil ag pobal Ghaoth Dobhair go raibh siad ar a mbealach *because* fuair siad scéala ó na Rossa go raibh siad ar an bhealach....

DÓNALL:Sea.

ANNIE JOHN:Go raibh siad ag teacht aniar i ndiaidh diabhláocht a dhéanamh siar an bealach eile cibé, bhí siad réidh fá na, bhí siad réidh fá na choinne agus bhí se ag teacht anuas, ná ag gabháil suas na céimeanna, ag teacht anuas na céimeanna a bhí sé, tarraingt ar an, tarraingt ar dhoras theach an phobail agus dár leo féin nach raibh siad ag gabháil a ligin isteach ná bhí siad ag gabháil isteach agus mairim gabháil a thabhairt droch bhaill ar an tsagart a bhí istigh agus ní dhearna, seo an dóigh a chuala mise an scéal, seanbhean darbh ainm Nancy Ó Dochartaigh, chaith sé dithi an seál agus lean cúpla bean eile dithi suas na céimeanna, chaith siad an seál ar chloigeann an Mháirtínigh agus chaith siad cúpla seál eile ina dhiaidh sin agus *bhatteral* siad é go dtí gur mharaigh siad é. Sin mar a mhothaigh mise an scéal.

DÓNALL: Mmm, hmm.

ANNIE JOHN: Agus gur maraíodh é ar na céimeanna atá ar an taobh amuigh den sean teach phobail.

DÓNALL: Agus ansin níor cinntíodh aon duine ariamh as....

ANNIE JOHN:Níor cinntíodh....

DÓNALL:Cuireadh daoine na phríosún ar a shon....

ANNIE JOHN:Cuireadh daoine na phríosún *but no*, níor cinntíodh aon duine.
Mmm, hmm.

DÓNALL: Ní raibh an cruthú acu go díreach.

ANNIE JOHN: Ní raibh an cruthú acu, bhí barraíocht acu ann agus níor, d'imigh siad fríd an scaifte agus....

DÓNALL:Sea.

ANNIE JOHN:Is ní raibh siad ábalta greim a fháil ar aon duine.

DÓNALL: Ni raibh.

ANNIE JOHN: *No*, níor cinntíodh aon duine ariamh agus mar a dúirt tú féin, ní dheachaigh aon duine na phríosún. But athraíodh an sagart paróiste ansin, níl a fhios agam c'áit a cuireadh é, siar go....

DÓNALL:Na nGleanntach, sílim.

ANNIE JOHN: Na nGleanntach a cuireadh é, na nGleanntach a cuireadh é.

DÓNALL: Annie, ó thairbhe anois gur éirigh tú as an obair, bhí rud in do cheann agus creidim go raibh tú ag gabháil do i rith do shaoil

ANNIE JOHN:Sé...

DÓNALL: Bhí dúil agat san fhilíocht a Annie.

ANNIE JOHN: Bhí dúil agam sa (gáire), bhí dúil agam san fhilíocht, bhí dúil agam san fhilíocht agus tá mé ag déanamh an bhfuil a fhios agat le linn a bheith buachailleacht bó ar maidin agus tráthnóna....

DÓNALL:Sé....

ANNIE JOHN:Bheifeá i do shuí laetha gréine, go speisialta thart anseo mar a chionn tú féin agus tá sé deas, do luí, ag éisteacht leis na héanacha ag ceol, amharc ar na cnoic, amharc ar na néalta ag teacht agus na néalta ag imeacht, an ghrian ag teacht amach as cúl na néalta agus ansin grian dheas ghrianmhar arís agus léir mór páistí ag gabháil thart buachailleacht bó, piocadh bláthanna, déanamh *ring-a-ring-rosie* agus imirt cluiche beaga agus bhí dúil bhocht agam in sa nádúr, bhí dúil bhocht agam sa nádúr agus *just* shuífínn síos corr uair agus *sribblóinn*....

DÓNALL:Thosófá a chumadh....

ANNIE JOHN: corr rud go hamaideach, *so* ansin nuair a d'éirigh mé as, bhuel, thosaigh mé ansin níos siosmaidigh agus níos ciallmhara agus....

DÓNALL:Níos mó ama agat, is cosúil....

ANNIE JOHN: Em, cúpla leabhair bheag amuigh agam le roinnt blianta ach ní dhearna mé a dhath anois le chorr a bheith dhá bhliain. Ghlacfainn tosach arís air (gáire), ghlacfainn tosach arís, ná tá mé mall, má tá mé fá choinne a dhath eile a dheanamh. Mmm, hmm.

DÓNALL: Dhéanfaidh tú.

ANNIE JOHN: Ar mhaith leat....

DÓNALL:Ba mhaith liom, ba mhaith liom thú....

ANNIE JOHN:giota beag filíochta a chluinstin?

DÓNALL: Bhéarfaidh mé seans duit ansin anois bomaite.

ANNIE JOHN: Sé.

BRISEADH BEAG

ANNIE JOHN: Bhuel, déarfaidh mé beirt duit a Dhónaill.

DÓNALL: *Right, Annie.*

ANNIE JOHN: Paidir beag atá sa chéad cheann agus ansin sé an t-ainm atá ar an darna ceann ná "*Mar Atá Mé*", sin teideal greannmhar b'fhéidir a déarfá thusa. Bhuel domsa cibé, duine iontach a bhí ariamh ionam, bhí, bhí, bhí dúil mhór ariamh agam in daoine agus ba mhaith liom daoine a fheiceáil ag fáil ar aghaidh go maith agus ghoilleadh sé go holc orm nuair a chífínn daoine a bheadh ag ól agus an droch bhaill a bheadh orthu ag deireadh a ré, an bhfuil a fhios agat, rachadh sé go dtí mo chroí nuair a chíféá macasamhail sin ag gabháil an bealach mór agus

DÓNALL:Daoine ag gabháil amú....

ANNIE JOHN:Leoga agus sé, daoine muinteartha againn uilig go léir b'fhéidir a thiocthadh linn a chur isteach in sa nasc sin ach cibé em, sin an darna ceann. *So* déarfaidh mé an paidir beag seo a chum mé duit an chéad uair:

PAIDIR

In ainm an athair atá fíor, dearc anuas go síor

Le héirí gréine gach lá, go mbeannóidh Dia gach éan

*Ó mhaidin go nóin is arís go teacht an tráthnóna.
Inár ngáire is inár ndeor, fríd anás, crá is brón,
Fríd gach lá dá bhfuil muid ann, an droch uair, cur tharainn, is fan romhainn go
bpillfidh muid arís chuig do chluain.*

ANNIE JOHN: Sin, sin an paidir beag anois.

DÓNALL: Sin paidir beag deas a Annie.

ANNIE JOHN: Seo "*Mar Atá Mé*" anois, tá sé gairid *but* sin bhfuil a fhios agat....

DÁN

D'ith mé is d'ól mé,
Shuí mé is cheol mé,
Thit mé is d'éirigh mé,
Buaileadh mé is loiteadh mé.
Fuair mé díoltas ach céasadh mé.
Anois tá mé gan bhrí, gan croí,
Gan mnaoi, gan páiste nó naoi,
Mo chreátúr gan dóigh, liom fhéin dár ndóigh,
Gan cara le faire.
San fhaopach, nach maith an aire orm é.

DÓNALL: Sin ceann iontach maith a Annie.

ANNIE JOHN: Sé, tá dúil agam féin in é sin anois.

DÓNALL: Tá dúil agam ann.

ANNIE JOHN: Sé.

DÓNALL: Speisialta. An bhfuil tú fá choinne ceann eile a rá Annie?

ANNIE JOHN: Bhuel, ceann nach mbeadh ró fhada. Ceann beag nach mbeadh.....

BRISEADH SA TÉIP

ANNIE JOHN: Seo, seo ceann beag a bhfuil "*Tabhair*" air. "*Tabhair*".

DÁN

Nach abair nach bhfuil tada le tabhairt agat,
Cionn is go bhfuil do phócaí gan pingin.
Tabhair do thuighbéal is éist le gach glór,
Oscail do chroí is tabhair uait féin,
Níl bronntanas níos fearr dá bhfuil a fhios agam féin
Ná gáire beag séimh le cois an *Hello*
Don strainséar atá uaigneach, cailte sa cheo
Sin an bronntanas atá fiúntach corr
I bhfad éiríonn níos fearr ná airgead ná ór.

DÓNALL: Sin go maith Annie.

ANNIE JOHN: Seo, tá seo beag. Tá seo, tá seo gairid.

DÁN

"Comhairle"

Ná bí crua is ná bí bog
Na tréig do chara ná do chuid
A mhic mo chroí, séan an troid
Ach dein í más éigin duit.

B'fhéidir gur mhothaigh tú sin roimhe.

DÓNALL: Níor mhothaigh, *no*.

ANNIE JOHN: Níor mhothaigh.

DÓNALL: Anois Annie

ANNIE JOHN: Sin, sin

DÓNALL: But Annie, bhí banna ceoil ar dóigh fosta ag na Machaireacha iad féin san am.

ANNIE JOHN: Ó, maise bhí, na, *flute*....

DÓNALL:*Band* na bpíob fosta ansin.

ANNIE JOHN: Sé agus ansin tháinig, tháinig *band* na bpíob.

DÓNALL: Mmm.

ANNIE JOHN: Mmm, hmm.

DÓNALL: Bé *flutes* ar tús a bhí ann?

ANNIE JOHN: Agus (--), ó na *flutes* ar tús, na *flutes* ar tús a bhí ansin, sé. Sé, na *flutes* agus c'ainm a bhí ar na rudaí sin a bhuaifeá in éadan, na *triangles*....

DÓNALL:Sé, tá a fhios agam agus na *cymbals*

ANNIE JOHN:Bheadh *triangles* leo agus na *cymbals* agus an druma mór.

DÓNALL: An raibh tusa in sa *bhand*, a Annie?

ANNIE JOHN: Ní raibh. Ó bhí mé in *band* na bpíob *alright*

DÓNALL:Raibh tú?....

ANNIE JOHN:Nuair a thosaigh *band* na bpíob....

DÓNALL:Sea....

ANNIE JOHN: Bhí mé ag buaileadh píob *alright*, bhí. Shíl mé go raibh sé deacair an píob a líonadh, chuir siad sin orm agus orú bhí muid, bheadh muid go bródúil nuair a bheadh na sciortaí plaid orainn agus

DÓNALL:Tá a fhios agam....

ANNIE JOHN:Ag siúl soir an bealach mór.

DÓNALL: Bhí costas mór leis Annie, raibh?

ANNIE JOHN: Bhí costas mór leis, sin an tuige nach raibh siad ábalta e a choinneáil suas.

DÓNALL: Creidim go bé.

ANNIE JOHN: D'fhásadh siad, d'fhásaimid, d'fhásadh na páistí ansin amach as na, na

DÓNALL:Agus chaitear éide úr a cheannach.

ANNIE JOHN: Chaitheadh siad éadach úr a fháil is ansin ag imeacht b'fhéidir, ag imeacht ag feiseanna agus rudaí mar sin, bhí, tá costas mór leis na rudaí sin uilig go léir.

DÓNALL: Ó tá.

ANNIE JOHN: Mmm, hmm.

DÓNALL: Agus iad a choinneáil i gcionn a chéile ansin

ANNIE JOHN: Sé agus *but eh*, buíochas do Dhia tá bannaí beaga óga ag éirí aníos anois.

DÓNALL: Tá. Ó tá bannaí maith ann.

ANNIE JOHN: Sé, sé. Tá Tony Mc Hugh thoir ansin, is maith é, agus tá banna ceoil aige agus Caitlín Joe Jack....

DÓNALL:Tá....

ANNIE JOHN:agus a deartháir tá ceann acu...

DÓNALL:Chruinnigh siad i gcionn a chéile....

ANNIE JOHN:Agus tá mé ag déanamh go bhfuil ceann i nDobhair go fóill.

DÓNALL: Sílim go bhfuil.

ANNIE JOHN: Tá. Éiríonn siad amach Lá 'le Pádraig, éiríonn siad amach....

DÓNALL:Bhí Nóra Dunlop maith, nach raibh?

ANNIE JOHN: Bhí Nóra maith, bhí Nóra maith, mmm, hmm, bhí, bhí. Ó rud deas, bannaí ceoil.

DÓNALL: Rud galánta.

ANNIE JOHN: Bannaí, bannaí ceoil.